AN COIMISIÚN EORPACH

An Bhruiséil, 4.7.2023
COM(2023) 426 final

2023/0252 (COD)

Togra le haghaidh

# RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

**lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 978/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 lena gcuirtear i bhfeidhm scéim um fhabhair tharaife ghinearálaithe agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 732/2008 ón gComhairle**

GA GA

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

### • Forais agus cuspóirí an togra

Tá fabhair thrádála deonaithe ag an Aontas Eorpach (AE) do thíortha i mbéal forbartha[1] trí Scéim na bhFabhar Ginearálaithe Taraife (GSP) ó bhí 1971 ann. Is cuid dá chomhbheartas tráchtála í an scéim, i gcomhréir leis na forálacha ginearálta lena rialaítear gníomhaíocht sheachtrach an Aontais[2].

Is é GSP ceann de phríomhionstraimí an Aontais chun cúnamh a thabhairt do thíortha i mbéal forbartha iad féin a chomhtháthú i ngeilleagar an domhain tríd an trádáil, an bhochtaineacht a laghdú, agus tacú leis an bhforbairt inbhuanaithe trí bhunchearta an duine agus cearta saothair a chur chun cinn, mar aon le cosaint an chomhshaoil, agus an dea-rialachas. Tá trí shocrú i gceist le GSP:

- GSP Caighdeánach: i gcomhair tíortha ísealioncaim agus íos-mheánioncaim, lena ndéantar foráil maidir le dleachtanna custaim a laghdú nó a bhaint go hiomlán ar dhá thrian de línte taraife an Aontais.
- GSP+: an socrú speisialta dreasachta um fhorbairt inbhuanaithe agus dea-rialachas, lena laghdaítear taraifí chuig 0 % le haghaidh na línte taraife céanna, a bheag nó a mhór, agus is infheidhme le haghaidh GSP Caighdeánach. Deonaítear do thíortha leochaileacha ísealioncaim agus íos-mheánioncaim é a chuireann 27 gcoinbhinsiún idirnáisiúnta chun feidhme a bhaineann le cearta an duine, cearta saothair, cosaint an chomhshaoil agus dea-rialachas.
- GNSA (Gach Ní Seachas Airm): an socrú speisialta le haghaidh na dtíortha is lú forbairt (TLFanna), lena soláthraítear dóibh rochtain saor ó dhleacht agus ó chuótaí ar mhargadh an Aontais le haghaidh gach táirge seachas airm agus armlón.

Tá an scéim atá ann faoi láthair bunaithe ar Rialachán (AE) Uimh. 978/2012[3] agus tá feidhm aici go dtí an 31 Nollaig 2023. Mura nglacfar Rialachán nua in ionad an Rialacháin atá ann faoi láthair, scoirfidh socruithe GSP Caighdeánaigh agus GSP+ d'fheidhm a bheith acu an 1 Eanáir 2024. Mhuirearófaí dleachtanna náisiún barrfhabhair dá bhrí sin ar allmhairí ó thíortha i mbéal forbartha faoi GSP Caighdeánach agus faoi GSP+. I gcás allmhairí ó TLFanna áfach, chumhdófaí le socrú GNSA fós iad, nach bhfuil dáta éaga aige.

---

1 Úsáidtear an nath 'tíortha i mbéal forbartha' de réir théarmaíocht na hEagraíochta Domhanda Trádála, féach mar shampla cumarsáid achomair Chomhaontú Marrakech lena mbunaítear an Eagraíocht Dhomhanda Trádála ('Á aithint ina theannta sin go bhfuil gá le hiarrachtaí dearfacha arb é an cuspóir atá leo go n-áiritheofar go dtiocfaidh fás ar an trádáil idirnáisiúnta sna tíortha i mbéal forbartha, fás ar an ngeilleagar acu féin i gcomhréir le riachtanais a gcuid forbartha eacnamaíche féin') agus Clásal Cumasúcháin GATT ('an Cinneadh maidir le Cóir Dhifreálach agus Níos Fabhraí, Cómhalartacht agus Rannpháirtíocht Níos Iomláine i ndáil le Tíortha i mBéal Forbartha').

2 Conradh ar an Aontas Eorpach - TEIDEAL V: FORÁLACHA GINEARÁLTA MAIDIR LE GNÍOMHAÍOCHT SHEACHTRACH AN AONTAIS AGUS FORÁLACHA SONRACHA MAIDIR LEIS AN gCOMHBHEARTAS EACHTRACH AGUS SLÁNDÁLA Caibidil 1: Forálacha ginearálta maidir le gníomhaíocht sheachtrach an Aontais - Airteagal 21 http://data.europa.eu/eli/treaty/teu_2008/art_21/oj.

3 Rialachán (AE) Uimh. 978/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 lena gcuirtear scéim um fhabhair tharaife ghinearálaithe i bhfeidhm agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 732/2008 ón gComhairle (IO L 303, 31.10.2012, lch. 1).

An 22 Meán Fómhair 2021, ghlac an Coimisiún Eorpach togra[4] le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena gcuirtear i bhfeidhm scéim ghinearálaithe um fhabhair tharaife. Dhéanfadh an Rialachán nua Rialachán (AE) Uimh. 978/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a aisghairm agus thiocfadh sé i bhfeidhm ón 1 Eanáir 2024. Tá an gnáthnós imeachta reachtach ar siúl faoi láthair gan a bheith críochnaithe go fóill agus tá baol ann nach gcríochnófar é in am. Is gá leanúnachas a áirithiú maidir le hoibriú na scéime tar éis an 31 Nollaig 2023. Is é an toradh a bheadh ar aon neamhleanúnachas le haghaidh GSP go bhfillfeadh gach allmhairiú faoi GSP ar chóir chaighdeánach an náisiúin barrfhabhair, cé is moite de na hallmhairí sin ó na tíortha is lú forbairt a bheadh cumhdaithe leis an gcóras Gach Ní Seachas Airm (GNSA), rud ba chúis le suaitheadh eacnamaíoch nach beag do chuideachtaí san Aontas agus sna tíortha tairbhíocha.

Cuirtear an togra seo síos d'fhonn leanúnachas agus am leordhóthanach a áirithiú don nós imeachta reachtach is gá chun síneadh a chur le cur i bhfeidhm na rialacha atá ann cheana agus chun na hiarmhairtí diúltacha a leagtar amach thuas a sheachaint. Tá an Coimisiún den tuairim gur cheart feidhm a bheith ag Rialachán GSP nua a luaithe is féidir, agus ag an bpointe sin ba cheart deireadh a chur le síneadh sealadach na scéime atá ann faoi láthair. Dá bhrí sin, an Rialachán atá ann faoi láthair a choinneáil tar éis an 31 Nollaig 2023, gan aon athruithe, go dtí an tráth a chomhaontóidh na reachtóirí Rialachán comharbais agus go dtí go dtiocfaidh an Rialachán sin i bhfeidhm, tar éis idirthréimhse iomchuí.

I bhfianaise na héiginnteachta atá ann faoi láthair maidir leis an am a thógfaidh sé an próiseas reachtach maidir le Rialachán GSP nua a thabhairt chun críche, tá sé beartaithe bailíocht an Rialacháin GSP atá ann faoi láthair a shíneadh go dtí an 31 Nollaig 2027. Cruthóidh sé sin ionú chun an Rialachán comharbais a ullmhú, a chomhaontú, agus a ghlacadh le fógra leordhóthanach d'oibreoirí eacnamaíocha agus do thíortha tairbhíocha chun ullmhú d'aon athruithe a dhéanfar, gan an baol a bheith ann go gcuirfí síneadh neamhiata i bhfeidhm lena ndéanfaí an *status quo* a bhuanú agus lena gcuirfí moill ar athchóirithe tráthúla sa scéim.

Ní leasaítear leis an togra seo ach dáta chur i bhfeidhm Rialachán (AE) Uimh. 978/2012.

Ní thabhófar aon chostas a mhuirearófar ar bhuiséad an Aontais leis togra maidir le síneadh Rialachán GSP atá ann faoi láthair. Dá gcuirfí i bhfeidhm é, ní chaillfí aon ioncam custaim i gcomparáid leis an staid reatha ach oiread.

---

[4] COM(2021) 579: Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena gcuirtear i bhfeidhm scéim ghinearálaithe um fhabhair tharaife agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 978/2012 ó Pharlaimint na hEorpa ón gComhairle.

2023/0252 (COD)

Togra le haghaidh

**RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 978/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 lena gcuirtear i bhfeidhm scéim um fhabhair tharaife ghinearálaithe agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 732/2008 ón gComhairle**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 207(2) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Ó bhí 1971 ann, dheonaigh an Comhphobal fabhair thrádála do thíortha i mbéal forbartha faoi Scéim na bhFabhar Ginearálaithe Taraife.

(2) I Rialachán (AE) Uimh. 978/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1], déantar foráil maidir leis an scéim um fhabhair tharaife ghinearálaithe (‘an scéim’) a chur i bhfeidhm go dtí 31 Nollaig 2023 ach amháin maidir leis an socrú speisialta le haghaidh na dtíortha is lú forbairt nach bhfuil feidhm ag dáta éaga den sórt sin maidir leo.

(3) An 22 Meán Fómhair 2021 ghlac an Coimisiún Eorpach togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena gcuirtear i bhfeidhm scéim ghinearálaithe um fhabhair tharaife agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 978/2012 ó Pharlaimint na hEorpa ón gComhairle[2]. Tá an Rialachán atá beartaithe le teacht i bhfeidhm an 1 Eanáir 2024. Tá an gnáthnós imeachta reachtach ar siúl faoi láthair agus tá baol ann nach dtabharfar chun críche é faoin 31 Nollaig 2023. Is gá, dá bhrí sin, síneadh ar Rialachán (AE) Uimh. 978/2012 a mholadh chun leanúnachas a áirithiú maidir le hoibriú na scéime tar éis an 31 Nollaig 2023 go dtí go nglacfar Rialachán comharba agus go mbeidh feidhm aige.

(4) Le tréimhse an tsínte ar an Rialachán atá ann faoi láthair, ba cheart an t-am a chur ar fáil is gá le haghaidh an phróisis reachtaigh chun an Rialachán nua a ghlacadh. Dá réir sin, ba cheart tréimhse chur i bhfeidhm Rialachán (AE) Uimh. 978/2012 a shíneadh go dtí an 31 Nollaig 2027. Sa chás go dtiocfadh an Rialachán atá bunaithe ar an Togra ón gCoimisiún COM(2021)579 i bhfeidhm roimh an dáta sin, ba cheart an síneadh ar thréimhse chur i bhfeidhm Rialachán (AE) Uimh. 978/2012 a ghiorrú dá réir sin, ach

[1] Rialachán (AE) Uimh. 978/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 lena gcuirtear scéim um fhabhair tharaife ghinearálaithe i bhfeidhm agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 732/2008 ón gComhairle (IO L 303, 31.10.2012, lch. 1).

[2] COM(2021) 579 final.

idirthréimhse leordhóthanach a sholáthar ag an am céanna. Chun cur i bhfeidhm leanúnach Rialachán (AE) Uimh. 978/2012 a áirithiú, más tar éis an 31 Nollaig 2023 a fhoilsítear an Rialachán seo, ba cheart feidhm chúlghabhálach a bheith aige ón 1 Eanáir 2024,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

In Airteagal 43(3) de Rialachán (AE) Uimh. 978/2012, cuirtear an bhliain '2027' in ionad na bliana '2023'.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*. Má Fhoilsítear é tar éis an 31 Nollaig 2023, beidh feidhm chúlghabhálach ag an Rialachán seo ón 1 Eanáir 2024.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa*
*An tUachtarán*

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

# RÁITEAS AIRGEADAIS REACHTACH

## RÁITEAS AIRGEADAIS REACHTACH 'IONCAM' - LE hAGHAIDH TOGRAÍ A bhFUIL TIONCHAR BUISÉADACH ACU AR THAOBH AN IONCAIM DEN BHUISÉAD

### 1. AINM AN TOGRA:

RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 978/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 lena gcuirtear i bhfeidhm scéim um fhabhair tharaife ghinearálaithe agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 732/2008 ón gComhairle

### 2. LÍNTE BUISÉID:

Líne ioncaim (Caibidil/Airteagal/Ítim): Airteagal 120

An méid arna bhuiséadú le haghaidh na bliana lena mbaineann: neamhbhainteach

*(i gcás ioncaim shannta amháin):*

Sannfar na hioncaim don líne chaiteachais seo a leanas (Caibidil/Airteagal/Ítim): neamhbhainteach

3. TIONCHAR AIRGEADAIS

☐ Ní bheidh aon impleacht airgeadais ag an togra

X Ní bheidh aon tionchar airgeadais ag an togra ar chaiteachas ach beidh tionchar airgeadais aige ar ioncam

☐ Beidh tionchar airgeadais ag an togra ar ioncam sannta

Is mar a leanas atá an éifeacht:

*(EUR milliúin go dtí an chéad deachúil)*

| Líne ioncaim | An tionchar ar ioncam[3][4] | Tréimhse 12 mhí dar tús an 01/01/2024 (más infheidhme) | Bliain 2024 |
|---|---|---|---|
| /Airteagal/ 120 | *Tionchar ar acmhainní dílse* | | -2,977.6 |
| Caibidil/Airteagal/Ítim ... | | | |

| An staid tar éis na gníomhaíochta |
|---|

[3] Is gá na méideanna in aghaidh na bliana a bheith ina meastachán bunaithe ar an bhfoirmle nó ar an modh a shainítear faoi roinn 5. Le haghaidh na bliana tosaigh, is gnách go n-íoctar an méid bliantúil gan laghdú ná *pro rata*.

[4] I gcás acmhainní dílse traidisiúnta (dleachtanna custaim, tobhaigh siúcra), ní mór na méideanna a luaitear a bheith ina nglanmhéideanna, i.e. méideanna comhlána agus 20 % a bheith bainte astu le haghaidh chostais an bhailithe.

| Líne ioncaim | [N+1] | [N+2] | [N+3] | [N+4] | [N+5] |
|---|---|---|---|---|---|
| Caibidil/Airteagal/Ítim ... | | | | | |
| Caibidil/Airteagal/Ítim ... | | | | | |

*(I gcás ioncaim shannta amháin, ar choinníoll gur fios an líne bhuiséid cheana féin): neamhbhainteach*

| Líne chaiteachais[5] | Bliain N | Bliain N+1 |
|---|---|---|
| Caibidil/Airteagal/Ítim ... | | |
| Caibidil/Airteagal/Ítim ... | | |

| An staid tar éis na gníomhaíochta | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| Líne chaiteachais | [N+1] | [N+2] | [N+3] | [N+4] | [N+5] |
| Caibidil/Airteagal/Ítim ... | | | | | |
| Caibidil/Airteagal/Ítim ... | | | | | |

1. BEARTA FRITHCHALAOISE

Neamhbhainteach

**BARÚLACHA EILE**

Le scéim na bhfabhar ginearálaithe taraife (GSP) tugtar, faoi choinníollacha, fabhair chustaim do tháirgí áirithe atá ag teacht isteach san Aontas.

Bunaithe ar na sonraí deireanacha atá ar fáil (2019)[6], is caillteanas ioncaim dar luach EUR 2 977,6 milliún don Aontas iad na fabhair sin faoin rialachán GSP atá beartaithe (Iarscríbhinn 1).

Bhuanódh an rialachán nua na fabhair atá ann faoi láthair. Ina theannta sin, is ísle a bheadh na caillteanais ioncaim dá gcaillfeadh tíortha cumhdach na scéime mar gheall ar stádas ard-mheánioncaim a shroicheadh nó mar gheall ar Chomhaontuithe Saorthrádála a shíniú leis an Aontas.

5 Le húsáid más gá, agus sa chás sin amháin.

6 Tá sonraí le haghaidh 2020 agus 2021 ar fáil, ach níor roghnaíodh iad mar bhonn i gcomhair na ríomhanna toisc go meastar gur blianta neamhghnácha agus neamhionadaíocha a bhí iontu.

EUR 3 970 milliún (ollmhéid) a bheadh sa chaillteanas ioncaim iomlán. Nuair a asbhaintear an 25 % a choinnítear sna Ballstáit chun costais an bhailithe a chúiteamh, is EUR2 978 milliún a bheadh i gceist leis an gcaillteanas ioncaim le haghaidh bhuiséad an Aontais a dháilfí ar na córais éagsúla ar an mbealach seo a leanas:

| EUR milliún | Allmhairí fabhracha | Caillteanas ioncaim | Laghdú 25 % ‘costais an bhailithe le haghaidh na mBallstát’ |
|---|---|---|---|
| Gach Ní Seachas Airm | 25,171 | 2,764 | 2,073 |
| GSP + | 8,406 | 776 | 582 |
| GSP | 13,005 | 430 | 323 |
| Iomlán | 46,583 | 3,970 | 2,978 |

Iarscríbhinn 1: Éifeacht ar ioncam an Aontais de réir tairbhí de GSP

| Tíortha ‘Gach Ní Seachas Airm’ | Allmhairí iomlána x EUR 1,000 | Allmhairí incháilithe x EUR 1,000 | Allmhairí fabhracha x EUR 1,000 | Meán Náisiún Barrfhabhair | Meánrát a GNSA | Caillteanas ioncaim AE x EUR 1,000 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| An Afganastáin | 49,655 | 19,501 | 14,802 | 2.9 % | - | 434 |
| Angóla | 3,520,990 | 37,270 | 31,004 | 7.7 % | - | 2,378 |
| An Bhanglaidéis | 15,927,629 | 15,874,498 | 15,366,176 | 11.7 % | - | 1,805,019 |
| Beinin | 19,183 | 2,854 | 2,059 | 7.0 % | - | 145 |
| An Bhútáin | 10,022 | 9,817 | 9,435 | 5.7 % | - | 542 |
| Buircíne Fasó | 242,090 | 20,944 | 20,000 | 6.1 % | - | 1,225 |
| An Bhurúin | 31,505 | 262 | 142 | 5.3 % | - | 7 |
| An Chambóid | 4,574,251 | 4,428,234 | 4,173,909 | 11.9 % | - | 497,288 |
| Poblacht na hAfraice Láir | 12,149 | 66 | - | - | - | - |
| Sead | 135,515 | 1,950 | - | - | - | - |
| Oileáin Chomóra | 23,416 | 9,408 | 8,691 | 6.6 % | - | 573 |
| Poblacht Dhaonlathach an Chongó | 822,182 | 8,453 | 1,794 | 11.1 % | - | 200 |
| Djibouti | 3,184 | 874 | 81 | 11.5 % | - | 9 |
| An Ghuine Mheánchiorclach | 886,116 | 16,843 | 7,407 | 0.7 % | - | 52 |
| An Eiritré | 1,962 | 1,737 | 1,681 | 11.9 % | - | 200 |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| An Aetóip | 520,210 | 255,691 | 246,854 | 8.8 % | - | 21,684 |
| An Ghaimbia | 13,247 | 10,897 | 10,145 | 8.0 % | - | 808 |
| An Ghuine | 732,435 | 4,534 | 1,738 | 5.9 % | - | 103 |
| Guine Bissau | 64,299 | 515 | 411 | 8.4 % | - | 35 |
| Háítí | 33,890 | 10,672 | 8,747 | 11.0 % | - | 962 |
| Cireabaití | 66 | 65 | 12 | 11.0 % | - | 1 |
| Laos | 285,962 | 240,844 | 212,040 | 10.0 % | - | 21,274 |
| Leosóta | 299,445 | 4,710 | 597 | 9.1 % | - | 54 |
| An Libéir | 327,056 | 3,113 | 2,001 | 4.5 % | - | 90 |
| Madagascar | 906,173 | 698,620 | 8,151 | 6.9 % | - | 566 |
| An Mhaláiv | 259,579 | 246,715 | 238,199 | 0.1 % | - | 199 |
| Mailí | 30,942 | 5,873 | 3,700 | 5.1 % | - | 189 |
| An Mháratáin | 675,106 | 336,957 | 332,825 | 8.8 % | - | 29,243 |
| Mósaimbíc | 1,619,461 | 1,144,760 | 1,099,775 | 3.0 % | - | 33,386 |
| Maenmar | 2,731,998 | 2,593,015 | 2,470,859 | 11.0 % | - | 273,017 |
| Neipeal | 67,719 | 59,535 | 55,329 | 7.9 % | - | 4,377 |
| An Nígir | 6,185 | 3,927 | 2,583 | 1.0 % | - | 26 |
| Ruanda | 52,002 | 10,968 | 10,046 | 5.9 % | - | 593 |
| São Tomé agus Príncipe | 7,659 | 877 | 740 | 3.4 % | - | 25 |
| An tSeineagáil | 471,995 | 337,004 | 330,186 | 10.0 % | - | 32,859 |
| Siarra Leon | 265,673 | 2,927 | 1,455 | 3.3 % | - | 48 |
| Oileáin Sholomón | 61,559 | 61,419 | 61,272 | 22.2 % | - | 13,612 |
| An tSomáil | 23,119 | 301 | - | - | - | |
| An tSúdáin Theas | 1,862 | 1,447 | - | - | - | |
| An tSúdáin | 272,348 | 7,975 | 6,998 | 1.6 % | - | 113 |
| An Tansáin | 419,033 | 232,563 | 225,134 | 4.0 % | - | 9,052 |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Tíomór Thoir | 4,187 | 1,256 | 0 | 12.3 % | - | 0 |
| Tóga | 211,711 | 17,563 | 16,359 | 6.4 % | - | 1,045 |
| Túvalú | 224 | 88 | - | - | - | |
| Uganda | 416,610 | 131,769 | 129,242 | 7.6 % | - | 9,798 |
| Vanuatú | 742 | 77 | 22 | 4.0 % | - | 1 |
| Éimin | 95,481 | 9,726 | 8,723 | 13.2 % | - | 1,148 |
| An tSaimbia | 352,622 | 54,298 | 49,852 | 2.8 % | - | 1,371 |
| **Iomlán GNSA** | **37,490,449** | **26,923,416** | **25,171,176** | **11.0 %** | | **2,763,751** |

| Tíortha GSP+ | Allmhairí iomlána x EUR 1,000 | Allmhairí incháilithe x EUR 1,000 | Allmhairí fabhracha x EUR 1,000 | Meán Náisiún Barrfhabhair | Meán ráta GSP+ | Caillteanas ioncaim AE x EUR 1,000 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| An Airméin | 334,119 | 200,580 | 196,657 | 4.6 % | - | 9,028 |
| An Bholaiv | 547,509 | 83,017 | 78,203 | 1.7 % | - | 1,319 |
| Cabo Verde | 84,537 | 68,040 | 61,240 | 20.1 % | - | 12,288 |
| Poblacht na Cirgise | 104,734 | 7,444 | 4,541 | 5.5 % | - | 249 |
| An Mhongóil | 74,705 | 17,351 | 14,060 | 11.0 % | - | 1,542 |
| An Phacastáin | 5,917,043 | 5,268,942 | 5,116,967 | 10.1 % | - | 514,803 |
| Na hOileáin Filipíneacha | 7,075,078 | 2,437,012 | 1,766,682 | 7.6 % | - | 133,553 |
| Srí Lanca | 2,266,802 | 1,922,801 | 1,167,843 | 8.9 % | - | 103,391 |
| **Iomlán GSP+** | **16,404,528** | **10,005,187** | **8,406,193** | **9.2 %** | | **776,174** |

| Tíortha GSP Ginearálta | Allmhairí iomlána x EUR 1,000 | Allmhairí incháilithe x EUR 1,000 | Allmhairí fabhracha x EUR 1,000 | Meán Náisiún Barrfhabhair | Meán ráta GSP | Caillteanas ioncaim AE x EUR 1,000 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Congó | 737,147 | 2,623 | 236 | 7.4 % | 4.1 % | 8 |
| Oileáin Cook | 6,385 | 1,083 | | - | - | |
| An India | 38,052,127 | 8,626,452 | 7,929,033 | 9.6 % | 6.5 % | 247,014 |
| An Indinéis | 13,531,056 | 6,140,299 | 4,835,094 | 8.2 % | 4.6 % | 174,707 |
| An Chéinia | 971,904 | 334,198 | 1,640 | 4.9 % | 1.9 % | 50 |
| An Mhicrinéis | 39 | 24 | 4 | 11.5 % | 7.0 % | 0 |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Nárú | 202 | 10 | | - | - | |
| An Nigéir | 17,072,490 | 161,796 | 129,049 | 7.3 % | 2.8 % | 5,726 |
| Niue | 269 | 35 | | - | - | |
| Samó | 879 | 457 | | - | - | |
| An tSiria | 44,378 | 23,635 | 4,143 | 8.3 % | 4.4 % | 162 |
| An Táidsíceastáin | 42,091 | 14,082 | 12,517 | 11.5 % | 9.1 % | 299 |
| Tonga | 237 | 177 | 127 | 9.7 % | 3.2 % | 8 |
| An Úisbéiceastáin | 172,288 | 106,678 | 93,595 | 6.7 % | 4.3 % | 2,220 |
| **Iomlán GSP Ginearálta** | **70,631,494** | **15,411,550** | **13,005,438** | **9.1 %** | **5.8 %** | **430,195** |